Coimisiún na Scrúduithe Stáit

Scrúduithe na hArdteistiméireachta sa Cheol, 2017
Na Scrúduithe Praiticiúla

Nótaí Eolais do na Múinteoirí agus do na hIarrthóirí

Soiléiriú an tSiollabais

NB: I gcás gach gníomhaíocht a chuirtear i láthair, ní mór do na hiarrthóirí iad seo a roghnú:
(i) an scil cheolchasaidh (ceolchasadh aonair/grúpaí) *agus*
(ii) an meán cheolchasaidh (guth/uirlis) ar ar mhaith leo go ndéanfaí iad a mheasúnú.

Moltar an ceol atá le casadh agus an cur i láthair ar an lá a roghnú go cúramach le bheith cinnte gur féidir leis an scrúdaitheora scil cheolchasaidh agus cumas uirlise an iarrthóra araon a mheasúnú go sásúil.

1. Ceolchasadh aonair – an rogha ceoil agus an cur i láthair

a) Ní mór do na hiarrthóirí a chuireann ceolchasadh aonair i láthair ceol a roghnú ina mbeidh siad féin ag ceol nó ag seinm na príomhpháirte, ar feadh an dréachta **ar fad**, nó **cuid shuntasach** de (fad véarsa/curfá).
b) Tá samplaí de chaighdeán an cheoil atá riachtanach don GL agus don AL le fáil sa siollabas. Cé nach bhfuil samplaí faoi leith ann den cheol don Ardleibhéal Roghnach, deirtear sa siollabas gur forleathnú ar an Ardleibhéal atá i gceist, i.e. "**ceol atá níos deacra**".
c) Ceolchasadh aonair is ea an Teicneolaíocht. Iarrthóirí Ardleibhéil a dhéanann gníomhaíocht amháin sa Teicneolaíocht (A1T) agus iarrthóirí san Ardleibhéal Roghnach a dhéanann gníomhaíocht amháin sa teicneolaíocht (AR1T), ní mór dóibh an phríomhpháirt a cheol nó a sheinm má bhíonn siad ag seinm lena bhfuaimrian taca féin. **Is é an caighdeán ceoil atá riachtanach sa cheolchasadh seo ná an caighdeán atá riachtanach do ghníomhaíochtaí uile A1 agus AR1**.
d) Ní mór a bheith cúramach agus ceol á roghnú lena ionchur sa teicneolaíocht. Ós rud gur annamh a bhíonn go leor ama ann le dréacht iomlán ceoil a ionchur le linn an scrúdaithe, moltar gur ag barra 1, nó gar do bharra 1, a thosódh gach páirt atá le hionchur. Ar an gcaoi chéanna, is fearr athruithe eagarthóireachta a dhéanamh i dtús an dréachta ceoil nó gar dó le go mbeidh éifeacht na n-athruithe le cloisteáil nuair a bheidh na páirteanna uile ionchurtha.
e) Má cheolann iarrthóir amhrán agus é/í á t(h)ionlacan féin, áirítear sin mar cheolchasadh aonair. Déantar an amhránaíocht agus an tionlacan araon a mheasúnú agus níl cead ag ceoltóirí eile páirt a ghlacadh sa cheolchasadh. **Ní mór an uirlis chéanna a sheinm mar thionlacan leis na hamhráin uile**.

2. Ceolchasadh grúpaí – an rogha ceoil agus an cur i láthair

a) "Amhránaíocht nó seinm **mar bhall de cheolghrúpa**" atá i gceist i gceolchasadh grúpaí, de réir an tsiollabais. Tá go leor samplaí liostaithe, e.g. grúpaí traidisiúnta Gaelacha, grúpaí tíre, grúpaí fliúite Sasanaí, grúpaí córúla, bannaí, grúpaí measctha de gach sórt le ceol gutha agus uirlise, etc.
b) Sonraítear sa siollabas (lch 14) gur gá do na hiarrthóirí:
- a bpáirt a chaomhnú **mar bhall rialta den ghrúpa ceoil**
- léirmhíniú a thabhairt ar na cleachtais cheoil agus nodaireachta is dual do gach ceann de na stíleanna a léirítear
- saibhriú follasach a dhéanamh chun tairbhe **don éifeacht iomlán**
- cáilíochtaí friotail agus léirmhínithe an cheoil a thuiscint
- an cheolaigne chéanna a dhéanamh **le baill eile an ghrúpa**

Chun gur féidir na gnéithe thuasluaite a mheasúnú, ní mór don iarrthóir ceolchasadh a dhéanamh mar bhall de cheolghrúpa beo ar lá an scrúdaithe.
c) Beirt nó níos mó a bhíonn i gceist le grúpa.
d) Níor chóir níos lú ná dhá pháirt a bheith sna dréachtaí a roghnaítear le haghaidh ceolchasadh grúpaí (an siollabas lch 17).
e) Is é beirt an líon iarrthóirí is mó a cheadaítear in aghaidh na coda inscrúdaithe i gcás grúpaí (amhránaíocht / ceol uirlise). Le haghaidh an scrúdaithe atá sin amhlaidh agus **ní dhéanfar eisceacht ar bith**.

3. Tionlacan

a) Ba chóir tionlacan a bheith ag gabháil le gach ceolchasadh, nuair is cuí sin. Taca cordúil nó rithimeach is mó a bhíonn sa tionlacan. Ní miste é a bheith beo nó ar fhuaimrian taca. Ní cheadmhach taifeadadh a bhfuil an phríomhpháirt air a úsáid mar fhuaimrian taca.

b) Ní ceadmhach fón póca a úsáid chun fuaimrian taca a sheinm. Níl cead ag na hiarrthóirí ná acu siúd a bheidh á dtionlacan ná ag múinteoirí fón póca a thabhairt isteach in ionad na scrúduithe ar chúis ar bith.

c) Ní mór fuaimrianta taca a bheith i bhformáid cruachóipe (dlúthdhiosca/DVD/téip/méaróg USB/an diosca crua ar ríomhaire (glúine)). **Ní cheadmhach fuaimrianta taca a íoslódáil ná a shruthú beo ón idirlíon le linn an scrúdaithe féin.**

4. Trialacha neamhullmhaithe

a) Beidh triail neamhullmhaithe **amháin** le déanamh ag gach iarrthóir, is cuma cé acu a dhéanann siad Gnáthleibhéal, Ardleibhéal nó Ardleibhéal Roghnach, aon ghníomhaíocht amháin nó dhá ghníomhaíocht,.

b) Seinnfear na trialacha cluaschuimhne trí huaire. Freagraíonn an t-iarrthóir tar éis an dara agus an tríú seinm. Bronnfar marcanna as an iarracht is fearr díobh.

NB Cuirfear na trialacha cluaschuimhne i láthair ar dhlúthdhiosca in 2017 agus as sin amach. Ní sheinnfidh an scrúdaitheoir a thuilleadh iad.

c) Iarrthóirí a dhéanann an t-amharcléamh (rithim) sa triail neamhullmhaithe, ní ceadmhach dóibh ainmneacha rithime na nótaí a rá amach **ná a gcos a bhualadh os ard** le linn don triail san amharcléamh a bheith ar siúl.

d) Tobchumadh: Beidh ar na hiarrthóirí Gnáthleibhéil tobchumadh a dhéanamh ar feadh 8 mbarra ar a laghad. Beidh ar na hiarrthóirí Ardleibhéil (Ardleibhéal Roghnach san áireamh) tobchumadh a dhéanamh ar feadh 16 bharra ar a laghad. **Ní mór tagairt go soiléir don bhunmhír sa tobchumadh.**

e) Iarrthóirí a dhéanann an Stiúradh mar ghníomhaíocht cheolchasaidh, beidh orthu ceisteanna a fhreagairt ar scór nach bhfaca siad roimhe mar chuid den triail. Déantar sin **sa bhreis** ar an triail neamhullmhaithe a dhéanann gach iarrthóir.

5. Coinníollacha ginearálta

a) Fad an scrúdaithe, an triail neamhullmhaithe san áireamh:

An Gnáthleibhéal	An tArdleibhéal	An tArdleibhéal Roghnach
10 nóiméad	15 nóiméad	25 nóiméad

b) Tig le Scrúdaitheoirí, más rogha leo, iarraidh ar na hiarrthóirí stopadh ag pointí oiriúnacha le linn an cheolchasaidh.

c) Ní mór gach amhrán/dréacht i ngníomhaíocht a chur i láthair mar aonad ceolchasaidh in aon seisiún amháin. Aon áit nach bhfuil gach ball de ghrúpa ag cur na rogha céanna i láthair, ní mór clár iomlán gach iarrthóra a chur i láthair ar leithligh.

d) Ní mór gach gné den cheolchasadh (i.e. fuaimrian taca, má tá cluasáin á gcaitheamh ag an iarrthóir) a bheith inchloiste ag an Scrúdaitheoir.

e) Ní mór airde na fuaime sa cheolchasadh a choinneáil ar leibhéal inghlactha mar mhaithe le cúinsí Sláinte agus Sábháilteachta. Má mheasann Scrúdaitheoir go sáraíonn airde na fuaime leibhéal na sábháilteachta, **ní rachaidh an scrúdú ar aghaidh** go dtí go n-ísleofar an fhuaim go leibhéal sásúil sábháilte.

f) Ní cheadaítear an ceol céanna a chur i láthair in dhá ghníomhaíocht éagsúla, fiú má chuirtear i láthair ar uirlis eile nó i meán eile é, teicneolaíocht an cheoil, stiúradh agus tobchumadh san áireamh.

g) Seachas ar chúiseanna deimhnithe sláinte nuair nach mbíonn iarrthóir in ann a bheith i láthair ar dháta socraithe an scrúdaithe, ní féidir an scrúdú a chur ar siúl ar aon dáta eile.

h) Is gá an ceolchasadh iomlán a dhéanamh in aon seisiún scrúduithe amháin, i.e. le linn phríomhthréimhse sceidealta na scrúduithe nó ar an dáta athsceidealta a shocraítear don scrúdú, má cheadaítear sin.

i) **Teaglamaí uirlisí:** Is ceadmhach na teaglamaí uirlisí a leanas a chur i láthair san aon ghníomhaíocht amháin. Ní ceadmhach iad a chur i láthair mar dhá ghníomhaíocht dhifriúla, ach amháin sa chás gur gníomhaíocht aonair ceann acu agus gur gníomhaíocht ghrúpa an ceann eile.

fliúit agus piccolo

fliúit cheolchoirme agus fliúit thraidisiúnta

giotár fuaimiúil agus giotár sé shreang leictreach

bainseó agus maindilín

pianó agus méarchlár leictreonach

teaglaim ar bith de fhliúiteanna Sasanacha

teaglaim ar bith de chnaguirlisí

6. Ionad na Scrúduithe agus Sceidealú

a) Ba chóir na trialacha cheolchasaidh go léir a chur ar siúl i seomra/halla **amháin** sa scoil. Nuair a roghnaítear an Teicneolaíocht mar ghníomhaíocht cheolchasaidh, ní mór an ríomhaire (glúine)/trealamh a úsáidfear sa triail a bheith suiteáilte roimh ré gan é a bheith nasctha leis an idirlíon, le líonra logánta ná le *wifi*. Ní mór d'údaráis na scoileanna agus do na hiarrthóirí a chinntiú go mbeidh callairí agus córas fuaime an ríomhaire ar obair le linn na scrúduithe i dteicneolaíocht an cheoil.

b) Caithfear na huirlisí agus/nó an trealamh fuaime a bheidh á n-úsáid i rith an cheolchasaidh a leagan amach roimh ré freisin. I gcúinsí eisceachtúla, e.g. más ar an bpíborgán a bheidh an t-iarrthóir ag seinm, ligfear don iarrthóir aistriú go dtí ionad eile. Caithfear é seo a chur in iúl do Choimisiún na Scrúduithe Stáit roimh ré.

c) Moltar d'Údaráis na Scoileanna gan tráthchlár a thabhairt d'iarrthóirí ós rud nach féidir a mheas go beacht cén t-am go díreach a bheidh triail phraiticiúil ar bith ar siúl. Tugtar do bhur n-aire freisin go gcuirfidh cuairt mhonatóireachta ó Scrúdaitheoir Comhairleach moill ar na trialacha. Níl neart air seo agus tá sé riachtanach chun slánchúis na scrúduithe a chinntiú. **Is cóir a chur in iúl do na hiarrthóirí nach féidir leo a bheith ag súil leis go gcuirfear faoi scrúdú iad ag am ar leith ná ar lá ar leith.**

d) Ní mór do na hiarrthóirí uile bualadh leis an Scrúdaitheoir ina ngrúpa nuair a thagann sé/sí go dtí an scoil. Iarrtar ar na scoileanna a dhéanamh cinnte go gcuirtear in iúl do na hiarrthóirí go bhfuil sin riachtanach, agus go gcuirtear seomra oiriúnach ar fail don chruinniú leis an ngrúpa.

Gníomhaíochtaí Ceolchasaidh **Gnáthleibhéal** Roghnóidh na hiarrthóirí gníomhaíocht **amháin** díobh seo

CEOLCHASADH GRÚPA			CEOLCHASADH AONAIR				
Amhránaíocht	**Ceol Uirlise**	**Tobchumadh**	**Amhrán-aíocht**	**Ceol Uirlise**	**Stiúradh**	**Tobchumadh**	**Teicneolaíocht**
• 2 amhrán • triail neamh-ullmhaithe amháin	• 2 dhréacht • triail neamh-ullmhaithe amháin	• 2 dhréacht a léiríonn cineál amháin tobchumtha • triail neamh-ullmhaithe amháin	• 2 amhrán • triail neamh-ullmhaithe amháin	• 2 dhréacht • triail neamh-ullmhaithe amháin	• 2 dhréacht nó amhrán • ceisteanna a fhreagairt ar scór neamhullmhaithe • triail neamhullmhaithe amháin	• 2 dhréacht a léiríonn cineál amháin tobchumtha • triail neamh-ullmhaithe amháin	• scór 2 pháirt amháin • 3 athrú eagarthóireachta • a léiriú conas scór a chlóbhualadh nó a thaifeadadh • sábháil, dún agus aisghairm • triail neamhullmhaithe amháin

Ardleibhéal (25% don cheolchasadh) Roghnóidh na hiarrthóirí gníomhaíocht **amháin** as Banda A nó **dhá cheann** as Banda B

	CEOLCHASADH GRÚPA			CEOLCHASADH AONAIR				
	Amhrán-aíocht	**Ceol Uirlise**	**Tobchumadh**	**Amhrán-aíocht**	**Ceol Uirlise**	**Stiúradh**	**Tobchumadh**	**Teicneolaíocht**
A	• 3 amhrán • triail neamh-ullmhaithe amháin	• 3 dhréacht • triail neamh-ullmhaithe amháin	• 3 dhréacht a léiríonn 3 chineál tobchumtha nó comhcheangal díobh • triail neamh-ullmhaithe amháin	• 3 amhrán • triail neamh-ullmhaithe amháin	• 3 dhréacht • triail neamh-ullmhaithe amháin	• 3 dhréacht nó amhrán • ceisteanna a fhreagairt ar scór neamhullmhaithe • triail neamhullmhaithe amháin	• 3 dhréacht a léiríonn 3 chineál tobchumtha nó comhcheangal díobh • triail neamh-ullmhaithe amháin	• scór 2 pháirt amháin • 6 athrú eagarthóireachta • a léiriú conas scór a chlóbhualadh nó a thaifeadadh • sábháil, dún agus aisghairm • 2 dhréacht as an repertoire leictreonach a sheinm nó a thiomsú agus a sheinm le fuaimrian taca de chuid an iarrthóra féin a tiomsaíodh roimh ré* • triail neamhullmhaithe amháin
B	• 2 amhrán • triail neamh-ullmhaithe amháin	• 2 dhréacht • triail neamh-ullmhaithe amháin	• 2 dhréacht a léiríonn cineál amháin tobchumtha • triail neamhullmhaithe amháin	• 2 amhrán • triail neamh-ullmhaithe amháin	• 2 dhréacht • triail neamh-ullmhaithe amháin	• 2 dhréacht nó amhrán • ceisteanna a fhreagairt ar scór neamhullmhaithe • triail neamhullmhaithe amháin	• 2 dhréacht a léiríonn cineál amháin tobchumtha • triail neamh-ullmhaithe amháin	• scór 2 pháirt amháin • 3 athrú eagarthóireachta • a léiriú conas scór a chlóbhualadh nó a thaifeadadh • sábháil, dún agus aisghairm • triail neamhullmhaithe amháin

Ní dhéanfaidh na hiarrthóirí ach triail neamhullmhaithe **amháin**.

* Ní mór 32 bharra ar a laghad a bheith ar an bhfuaimrian taca. Ní mór do na hiarrthóirí fianaise a sholáthar faoi thiomsú an fhuaimriain taca, nó cur síos a dhéanamh air. Ní ceadmhach an t-ionchur ceoil i gcuid a haon den triail a úsáid mar fhuaimrian taca i ngné an cheolchasaidh. Ós gníomhaíocht aonair an Teicneolaíocht is ceolchasadh aonair a chaithfidh iarrthóirí a dhéanamh lena bhfuaimrian taca féin.

Ardleibhéal Roghnach (50% don cheolchasadh) Roghnóidh na hiarrthóirí gníomhaíocht **amháin** as Banda C *nó* **dhá cheann** as Banda D.

	CEOLCHASADH GRÚPA			CEOLCHASADH AONAIR				
	Amhránaíocht	**Ceol Uirlise**	**Tobchumadh**	**Amhránaíocht**	**Ceol Uirlise**	**Stiúradh**	**Tobchumadh**	**Teicneolaíocht**
C	• 6 amhrán • triail neamh-ullmhaithe amháin	• 6 dhréacht • triail neamh-ullmhaithe amháin	• 6 dhréacht a léiríonn 3 chineál tobchumtha nó comhcheangal díobh • triail neamh-ullmhaithe amháin	• 6 amhrán • triail neamh-ullmhaithe amháin	• 6 dhréacht • triail neamh-ullmhaithe amháin	• 6 dhréacht nó amhrán • ceisteanna a fhreagairt ar scór neamhullmhaithe • triail neamhullmhaithe amháin	• 6 dhréacht a léiríonn 3 chineál tobchumtha nó comhcheangal díobh • triail neamhullmhaithe amháin	• 2 scór 3 pháirt • 6 athrú eagarthóireachta • a léiriú conas scór a chlóbhualadh nó a thaifeadadh • sábháil, dún agus aisghairm • 4 dhréacht as an repertoire leictreonach a sheinm nó a thiomsú agus a sheinm le fuaimrian taca de chuid an iarrthóra féin a tiomsaíodh roimh ré ** • triail neamhullmhaithe amháin
D	• 4 amhrán • triail neamh-ullmhaithe amháin	• 4 dhréacht • triail neamh-ullmhaithe amháin	• 4 dhréacht a léiríonn cineál amháin tobchumtha • triail neamhullmhaithe amháin	• 4 amhrán • triail neamh-ullmhaithe amháin	• 4 dhréacht • triail neamh-ullmhaithe amháin	• 4 dhréacht nó amhrán • ceisteanna a fhreagairt ar scór neamhullmhaithe • triail neamhullmhaithe amháin	• 4 dhréacht a léiríonn cineál amháin tobchumtha • triail neamhullmhaithe amháin	• scór 4 pháirt amháin nó 2 scór 2 pháirt • 3 athrú eagarthóireachta • a léiriú conas scór a chlóbhualadh nó a thaifeadadh • sábháil, dún agus aisghairm • triail neamhullmhaithe amháin

Ní dhéanfaidh na hiarrthóirí ach triail neamhullmhaithe **amháin**.

****** Ní mór ar a laghad trí líne/pháirt de 32 bharra an ceann a bheith san fhuaimrian taca. Ní mór do na hiarrthóirí fianaise a sholáthar faoi thiomsú an fhuaimriain taca nó cur síos a dhéanamh air. Ní ceadmhach an t-ionchur ceoil i gcuid a haon den triail a úsáid mar fhuaimrian taca i ngné an cheolchasaidh. Ós gníomhaíocht aonair an Teicneolaíocht (féach Aguisín A, Siollabas Ceoil na hArdteistiméireachta, lch 12) is ceolchasadh aonair a chaithfidh iarrthóirí a dhéanamh lena bhfuaimrian taca féin.

An Triail i dTeicneolaíocht an Cheoil

Beidh ar na hiarrthóirí:

1. An scór / na scóir atá le hionchur a leagan amach.
2. **Iomlán** gach páirte/riain, nó cuid de, a ionchur **faoi rogha an Scrúdaitheora agus nuair a threoraíonn an Scrúdaitheoir é a dhéanamh**. Déantar an ceol a ionchur rian ar rian.
3. An líon riachtanach d'athruithe eagarthóireachta a dhéanamh. Ba chóir go mbeadh ciall leis na hathruithe eagarthóireachta i dtéarmaí an cheoil de (féach thíos). **Ní mór na hathruithe eagarthóireachta a dhéanamh ar an scór a ionchuirtear lá an scrúdaithe (féach an siollabas, lch 12).** Iarrfar ar na hiarrthóirí an scór a sheinm i ndiaidh an ionchuir a chríochnú agus i ndiaidh gach athrú eagarthóireachta**.**
4. A léiriú gur féidir leo scór a thaifeadadh nó a chlóbhualadh.
5. An comhad a shábháil, **a dhúnadh** agus a aisghairm.
6. An líon riachtanach dréachtaí a chasadh, más é an tArdleibhéal (gníomhaíocht cheolchasaidh amháin – Banda A) nó an tArdleibhéal Roghnach (gníomhaíocht cheolchasaidh amháin – Banda C) atá á chur i láthair; féach lch 4 agus 5 den doiciméad seo. Má bhíonn siad ag casadh ceoil in éineacht lena bhfuaimrian taca féin a tiomsaíodh roimh ré, ní mór do na hiarrthóirí fianaise a sholáthar gur thiomsaigh nó gur ionchuir siad féin an fuaimrian taca.

Coinníollacha Ginearálta

1. Ní mór an t-ionchur a dhéanamh mar a shainítear sa siollabas é, le huirlisí leictreonacha agus/nó le gnáthuirlisí a bhfuil rialtáin/comhéadan MIDI orthu. Is féidir ceol a ionchur leis an luchóg freisin, díreach ar an gcliath le bogearraí nodaireachta cuí. Is féidir an t-ionchur a dhéanamh san fhíor-am nó in am céime. Ní modh bailí ionchuir é cóipeáil agus greamú ábhair ach amháin má rinne an t-iarrthóir an ceol cóipeáilte a ionchur é/í féin sa chéad ait.
2. Ba chóir go mbeadh 16 bharra ar a laghad i ngach páirt den cheol atá le hionchur agus ba chóir go mbeadh leibhéal deacrachta an cheoil oiriúnach, i.e. éagsúlacht a bheith ann i dtuinairde an cheoil agus sna rithimí. Ba chóir gur le barra 1 a thosódh gach páirt atá le hionchur.
3. Níl cead ag na hiarrthóirí aon cháipéis a thabhairt isteach i seomra an scrúdaithe leo ach amháin an ceol atá le hionchur nó le casadh agus an fhoirm LMP4A
4. Sa scrúdú Teicneolaíochta, is ceadmhach úsáid a bhaint as aon phacáiste bogearraí nó as aon uirlis nó seicheamhóir leictreonach a shásaíonn riachtanais an tsiollabais. **Ní féidir marcanna a bhronnadh as aon ghné den scrúdú nach bhfuil inchloiste ag an scrúdaitheoir.**
5. Ceolchasadh aonair is ea an Teicneolaíocht. Iarrthóirí Ardleibhéil a dhéanann gníomhaíocht amháin sa Teicneolaíocht (A1T) agus iarrthóirí san Ardleibhéal Roghnach a dhéanann gníomhaíocht amháin sa teicneolaíocht (AR1T), ní mór dóibh an phríomhpháirt a cheol nó a sheinm má bhíonn siad ag seinm lena bhfuaimrian taca féin. **Is é an caighdeán ceoil atá riachtanach sa cheolchasadh seo ná an caighdeán atá riachtanach do ghníomhaíochtaí uile A1 agus AR1**.

Athruithe Eagarthóireachta

1. Is athruithe inghlactha iad athruithe eagarthóireachta a athraíonn **fuaim** an cheoil nuair a sheinntear ar an ríomhaire nó ar an seicheamhóir iad. Ní shásaítear riachtanais an tsiollabais le hathruithe ar na liricí ná le hathruithe ar struchtúr an dréachta.
2. Ní shásaítear riachtanais an tsiollabais mura ndéantar ach téarma nua a chlóscríobh le hathruithe tempo nó dinimice a dhéanamh ach amháin má chuirtear na hathruithe i bhfeidhm le linn an rian a sheinm ar an ríomhaire / seicheamhóir.
3. Foirmeacha éagsúla den aon athrú eagarthóireachta amháin (*attack*) iad cuarcheangal agus fuaimniú, ar an gcaoi chéanna ar foirmeacha éagsúla dinimice iad *f* agus *p*. Ní mór do na hiarrthóirí a bheith cinnte agus trí (nó sé) athrú *éagsúla* eagarthóireachta a chur i láthair sa triail.
4. Nuair a roghnaíonn iarrthóir dhá scór a ionchur, is ar aon scór amháin díobh (de rogha an iarrthóra) a dhéantar na hathruithe eagarthóireachta.
5. Is féidir nach mbeidh go leor ama ann le scór iomlán a ionchur. Ba chóir do na hiarrthóirí athruithe eagarthóireachta a ullmhú is féidir a dhéanamh go sásúil i dtús an scóir atá á ionchur.

An Páipéar Cumadóireachta

Meabhraítear d'údaráis na scoileanna go mbeidh ar gach iarrthóir ar Scrúdú Ceoil na hArdteistiméireachta in 2017, agus ina dhiaidh sin, úsáid a bhaint as an iarmhír '°' chun cordaí laghdaithe a chur in iúl agus as '+' chun cordaí méadaithe a chur in iúl, mar a léirítear thíos i gcás na ngléasanna C mór agus C mion.

Gléas: C mór

Siombail an Chorda	C	Dm	Em	F	G	Am	B°
An Uimhir Rómhánach	I	ii	iii	IV	V	vi	vii°

Gléas: C mion

Siombail an Chorda	Cm	D°	E♭+	Fm	G	A♭	B°
An Uimhir Rómhánach	i	ii°	III+	iv	V	VI	vii°

An Éisteacht Roghnach

Iarrthóirí a dhéanann an rogha seo,

1. déanann siad scrúdpháipéar san Éisteacht Roghnach a mhaireann 45 nóiméad (chomh maith leis an bpáipéar sa Chroíchúrsa Éisteachta agus sa Chumadóireacht) **agus**
2. ullmhaíonn said taifeadadh, roimh an scrúdú, ar a mbíonn deich sliocht ceoil a ndearna said staidéar orthu le haghaidh na hÉisteachta Roghnaí.

Is cóir do na hiarrthóirí na nótaí seo a thabhairt dá n-aire:

- Ní mór na tagairtí do na foinsí a liostú mar a theastaíonn ar an scrúdpháipéar agus dóthain mionsonraí a bheith iontu d'fhonn iad a dheimhniú, e.g. seoltaí gréasáin, sonraí foilsitheoireachta, etc.
- Tugtar an dlúthdhiosca don Fheitheoir tráth a dhéanfar an páipéar san Éisteacht Roghnach i mí an Mheithimh.
- Ba chóir go mbeadh scrúduimhir an iarrthóra scríofa go soiléir ar an dlúthdhiosca agus ar an gcárta inleagtha.
- Ba chóir teidil na ndeich sliocht thaifeadta a liostú go soiléir ar an gcárta inleagtha.
- Ba chóir go mbeadh gach sliocht idir fiche agus tríocha soicind ar fad.
- Ós é is cuspóir don triail san Éisteacht Roghnach freagairt phearsanta an iarrthóra do thopaic dá rogha féin a mheasúnú (féach an Siollabas, lch 11) ní cheadaítear cóipeáil/dubáil dlúthdhioscaí ag grúpaí mac léinn.

An Chumadóireacht Roghnach

- Ní mór an t-ábhar don Chumadóireacht Roghnach, agus cur síos iomlán scríofa (féach an Siollabas, lch 8) ar an gcumadóireacht, ar an gcóiriú agus ar an ionstraimíocht mar thaca leis, a chur faoi bhráid údaráis na scoileanna faoi 28 Aibreán 2017.
- Ní mór d'údaráis na scoileanna an t-ábhar don Chumadóireacht Roghnach a stóráil go sábháilte agus é a thabhairt d'Fheitheoir an scrúdaithe sa Chumadóireacht (Croíchúrsa) tráth an scrúdaithe sin, 22 Meitheamh 2017.
- Is gá téip/dlúthdhiosca ullmhaithe a chur isteach nuair a bhíonn ceol leictreafhuaime á chur isteach (féach an Siollabas, lch 9).
- Ní mór don iarrthóir Foirm P2 a chomhlánú d'fhonn barántúlacht na hoibre a dheimhniú. Caithfidh múinteoir an ranga agus Príomhoide na scoile an fhoirm a shíniú freisin.

Meabhraítear do na hiarrthóirí agus do na múinteoirí gur féidir leo seanpháipéir, trialacha neamhullmhaithe agus eolas ábhartha eile a fheiceáil ar shuíomh gréasáin Choimisiún na Scrúduithe Stáit, www.examinations.ie, agus iad a chóipeáil anuas agus a chlóbhualadh.

Is cóir dul i dteagmháil leis an rannóg a leanas má tá aon cheist ag aon duine faoi na trialacha ceolchasaidh sa Cheol:

Rannóg na dTrialacha Praiticiúla (Ceol),
Coimisiún na Scrúduithe Stáit,
Corr na Madadh,
Baile Átha Luain,
Co. na hIarmhí.
Teileafón: 090-644 2751 / 090-644 2752
R-phost: info@examinations.ie